



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2025
COM(2025) 951 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**ina ndéantar machnamh ar an gcreat rialachais eacnamaíoch sa bheartas fioscach
náisiúnta**

{SWD(2025) 951 final}

RÉAMHRÁ

Tá Pacáiste seo an Fhómhair buailte linn tráth a bhfuil dúshlán thromchúiseacha romhainn, san Aontas agus ar fud an domhain araon, ach táthar ag tuar go mbeidh geilleagar an Aontais athléimneach fós, agus go mbeidh fás measartha ann i gcónaí. Ós rud é go bhfuil geilleagar an Aontais ar cheann de na geilleagair is oscailte ar domhan, tá sé neamhchosanta ar an méadú ar shrianta trádála domhanda, ar theannas sa trádáil agus ar iomaíocht, iomaíocht atá éagórach go minic, ó chomhpháirtithe trádála eile, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar an éiginnteacht a bhaineann le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Is léir ó na sonraí is déanaí go raibh borradh níos mó faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch ná mar a raibh coinne leis sa chéad leath de 2025, mar gheall go páirteach ar thús-ualú an táirgthe earraí agus na n-onnmhairí earraí sula mbeadh taraifí allmhairiúcháin níos airde tugtha isteach ag na Stáit Aontaithe. Cé go meastar go mbeidh laghdú tagtha ar an móiminteam sa dara leath den bhliain, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,3 % ar an bhfíor-OTI sa limistéar euro in 2025, méadú atá beagán os cionn na réamh-mheastachán a leagtar amach i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Cé go meastar go dtiocfaidh laghdú ar luas an fháis in 2026, meastar go dtacóidh caiteachas athléimneach tomhaltóirí agus infheistíocht le fás 1,2 % an fhíor-OTI¹.

Tá sé rithábachtach an chobhsaíocht fhioscach a choinneáil ar bun chun bonn taca a chur faoin bhfás inbhuanaithe agus faoin athléimneacht. Creat fioscach athchóirithe an Aontais, a tháinig i bhfeidhm in 2024, tá sé go hiomlán oibríochtúil anois. Is garsprioc thábhachtach é Pacáiste seo an Fhómhair maidir leis an gcreat sin a chur i bhfeidhm. Tá pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha na mBallstát uile tiolactha acu agus tá moltaí glactha ag an gComhairle lena leagtar síos conairí² glanchaiteachais le haghaidh gach Ballstáit díobh³.

Déantar breithniú sa Teachtaireacht seo ar fhorbairtí fioscacha in 2025 agus ar an ionchas buiséadach le haghaidh 2026, agus déantar measúnú inti ar an gcaoi a bhfuil creat fioscach an Aontais á chomhlíonadh ag na Ballstáit. Cumhdaíonn raon feidhme na teachtaireachta seo na Ballstáit uile, agus béim faoi leith á leagan ar an limistéar euro. Chuir na Ballstáit sa limistéar euro a nDréachtpheananna Buiséadacha le haghaidh 2026 faoi bhráid an Ghrúpa Euro agus an Choimisiúin, agus ghlac an Coimisiún tuairimí maidir le gach ceann de na dréachtpheananna buiséadacha sin. Thairis sin, déantar measúnú sa Teachtaireacht seo ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach á déanamh ag na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach chun freagairt do na Moltaí ábhartha ón gComhairle⁴.

¹ D'fhoilsigh an Coimisiún [Réamhaisnéis 2025 an Fhómhair](#) an 17 Samhain 2025 agus an [Tuarascáil Mhaicreacnamaíoch Eorpach](#) (SWD(2025) 957) an 25 Samhain 2025.

² Ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncain, ar chaiteachas ar chlár an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile (Rialachán (AE) 2024/1263, Airteagal 2).

³ Tá an moladh ón gComhairle lena leagtar amach na conairí glanchaiteachais le haghaidh gach Ballstáit ar fáil faoin táb 'faireachas fioscach' https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-surveillance-eu-member-states/country-reports_en?prefLang=ga.

⁴ Áirítear i bPacáiste an Fhómhair tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Freastalaíonn creat fioscach an Aontais ar an méadú a bhfuil gá leis ar chaiteachas cosanta. Chun freagairt don chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus do na dúshláin slándála mhéadaithe a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásail éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta a ghníomhachtú faoi thionscnaimh Ullmhacht 2030⁵. Leis na clásail éalaithe náisiúnta, tugtar solúbthacht do na Ballstáit an caiteachas cosanta a mhéadú, gan gá láithreach a bheith ann an méadú sin a mhaoiniú le ciorruithe caiteachais nó le bearta tiomsaithe ioncaim. Leis an tsolúbthacht, dá bhrí sin, tugtar an t-am is gá do na Ballstáit caiteachas cosanta níos airde a chur san áireamh laistigh de na buiséid náisiúnta. Leis an tsolúbthacht cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit diallas a dhéanamh agus imeacht go sealadach ón gconair ghlancaiteachais a mhol an Chomhairle, ar choinníoll go mbaineann na diallais sin le méaduithe ar an gcaiteachas cosanta, de suas le 1,5 % de OTI sna 4 bliana amach romhainn. Go dtí seo, tá an clásail éalaithe náisiúnta gníomhachtaithe ag an gComhairle le haghaidh 16 Bhallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, agus an tSlóivéin).

Dhá roinn atá sa Teachtaireacht seo. Tugtar forléargas i Roinn I ar an staid fhioscach sa limistéar euro, lena n-áirítear an t-ionchas le haghaidh na mblianta amach romhainn, bunaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha na mBallstát agus ar Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún. Scrúdaítear inti an staid fhioscach fhoriomlán agus na comhpháirteanna bunúsacha a bhaineann léi, agus déantar measúnú inti freisin ar oiriúnacht na staide fiosaí sa limistéar euro ina iomláine. Díritear i Roinn II ar mheasúnú an Choimisiúin ar an gcaoi a gcomhlíonann na Ballstáit na huasteorainneacha le haghaidh fás glancaiteachais a mhol an Chomhairle. I gcás Ballstáit sa limistéar euro, cuirtear san áireamh sa mheasúnú an fhaisnéis a sholáthraítear ina nDréachtphleananna Buiséadacha. I gcás Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, cuirtear san áireamh sa mheasúnú tuairisciú na mBallstát ar ghníomhaíocht atá á déanamh chun freagairt do na Moltaí ábhartha ón gComhairle. Ar deireadh, tá achoimre i Roinn II ar an tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE, is é sin, an tuarascáil is bonn le breithniú an Choimisiúin ar chásanna nua chun nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt. Soláthraítear sna hiarscríbhinní an anailís agus na sonraí foluiteacha.

I. FORBAIRTÍ FIOSCACHA AGUS STAID FHIOSCACH SA LIMISTÉAR EURO


Meastar go dtiocfaidh méadú beag ar easnamh rialtais ghinearálta comhiomlán an limistéir euro in 2025 agus 2026 araon. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go méadóidh easnamh comhiomlán an limistéir euro ó 3,1 % de OTI in 2024 go 3,2 % de OTI in 2025. Ar bhonn na mbeartas atá ann faoi láthair, meastar go mbeidh ardú ar an easnamh go 3,3 % de OTI in 2026.

Tar éis laghdú substaintiúil ar chóimheas comhiomlán fiachais-OTI an limistéir euro sna blianta roimhe seo, tá sé tosaithe ag ardú in 2025 agus meastar go méadóidh sé go 89,8 % de OTI ag deireadh 2026, ó thart ar 88 % ag deireadh 2024. Is é is cúis leis an méadú sin easnaimh phríomhúla leanúnacha agus roinnt coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic, lena n-áirítear méadú ar fhiachas. Ina theannta sin, meastar nach mbeidh an difreálach ráta fáis-úis ('éifeacht charnach') chomh fabhrach céanna de réir mar a mhéadaíonn an ráta úis intuigthe a

⁵ Chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí [Páipéar Bán maidir le Cosaint na hEorpa – Ullmhacht 2030](#) i láthair an 19 Márta 2025.

íoctar ar fhiachas agus de réir mar a mhaolaíonn an boils-ciú (díbhóilsceoir OTI) a thuilleadh. Réamh-mheastar go mbeidh cóimheasa fiachais níos mó ná 100 % ag ceithre Bhallstát an bhliain seo chugainn.

Graf 1. Staid fhioscach agus comhpháirteanna an limistéir euro, 2024–2026 (% de OTI)



Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

Réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach an limistéir euro neodrach den chuid is mó in 2025 agus 2026⁶. Mar léiriú ar chur chun feidhme na bpleananna meántéarmacha, chuir na Ballstáit srian ar fhás reatha ar chaiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus/nó ar ioncam méadaithe in 2025. Tá an srian sin á fhritháireamh den chuid is mó le leathnú ar infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta (le haghaidh na cosanta go príomha) agus ar chaiteachas arna mhaoiniú le deontais⁷ faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi chistí eile de chuid an Aontais. Mar thoradh air sin, meastar go mbeidh an staid fhioscach fhoriomlán in 2025 neodrach den chuid is mó. Meastar go bhfanfaidh staid fhioscach chomhiomlán an limistéir euro neodrach den chuid is mó in 2026 freisin, ós rud é go bhfuil méid áirithe sriain ar ghlanchaiteachas reatha agus ar ghlanchaiteachas caipitiúil eile á fhritháireamh le hionsú méadaitheach deontas ón tSaoráid Téarnamh agus Athléimneachta, sa bhliain dheireanach dá cur chun feidhme, agus cistí eile de chuid an Aontais. Rud atá tábhachtach, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú seasta ar an gcaiteachas cosanta freisin, ó 1,4 % de OTI in 2024 go 1,7 % in 2026.


Meastar go dtiocfaidh méadú breise ar infheistíocht phoiblí an limistéir euro in 2026, arna spreagadh ag meascán de mhaoiniú náisiúnta agus maoiniú ón Aontas. Meastar go dtabharfaidh an infheistíocht rannchuidiú forleathnaitheach breise do staid fhioscach an limistéir euro in 2026. Meastar go sroichfidh infheistíocht phoiblí sa limistéir euro 3,7 % de OTI faoi 2026, ó 3,0 % in 2019. Thacaigh na buiséid náisiúnta agus buiséid an Aontais araon leis an méadú idir 2019 agus 2026, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá dlús leis an infheistíocht i réimse na cosanta freisin, agus meastar gurb é an t-ardú ar

⁶ Leis an staid fhioscach, tomhaistear an spreagadh gearrthéarmach a thugtar don gheilleagar mar gheall ar bheartas fioscach lánroghnach.

⁷ Tagraíonn an téarma ‘deontais’ do chaiteachas poiblí a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais.

infheistíocht sa chosaint is cúis le thart ar 1/3 den mhéadú réamh-mheasta ar infheistíocht in 2025–2026.

Graf 2. Infheistíocht phoiblí an limistéir euro 2019–2026 (% de OTI)



Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

Dealraíonn sé go bhfuil staid fhioscach an limistéir euro iomchuí den chuid is mó in 2025 agus 2026. Tá an seasamh sin, atá neodrach den chuid is mó, comhsheasmhach leis an laghdú ar bhoilsciú agus le cobhsú réamh-mheasta an bhoilscithe de thart ar 2 %, agus tá sé comhsheasmhach freisin leis an ngá le hionchas fáis, ar ionchas fáis é atá fós measartha, a chaomhnú i dtimpeallacht éiginnte. Tá sé comhleanúnach le hiarrachtaí Ballstát sa limistéir euro cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle agus le húsáid na solúbthachta faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta.

Tá comhdhéanamh na staide fioscaí iomchuí. Comhdhlúthú an airgeadais phoiblí náisiúnta, arna spreagadh ag an moilliú ar ghlancaiteachas reatha, comhfhreagraíonn sé go ginearálta do na riachtanais choigeartúcháin a léirítear sna conairí glanchaiteachais a mholtar, go háirithe i dtíortha ina bhfuil easnamh arda agus fiachais arda. San am céanna, rannchuidíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistiú eile ón Aontas le tionchar crapthach an chomhdhlúthaithe sin a neodrú. Thairis sin, tacaíonn an méadú ar infheistíocht — trí mhaoiniú náisiúnta agus trí chistiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta araon — le tosaíochtaí agus acmhainneacht fáis an Aontais. In 2026, is gá fós tacú le cumais chosanta na mBallstát a neartú, agus a áirithiú san am céanna go leanfaidh na Ballstáit a bhfuil riachtanais choigeartúcháin acu dá n-iarrachtaí fioscacha, go háirithe maidir le caiteachas neamhchosanta.

II. MEASÚNÚ AR DHRÉACHTPHLEANANNA BUISÉADACHA, AR GHNÍOMHAÍOCHT ÉIFEACHTACH ARNA DÉANAMH AG BALLSTÁIT A BHFUIL EASNAMH IOMARCACH ACU AGUS AR NA DÁLAÍ FIOSCACHA I MBALLSTÁIT EILE

(i) *Cur chuige chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh chreat fioscach an Aontais*

Faoin gcreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe, is é fás an ghlancaiteachais an t-aon táscaire oibríochtúil lena ndéantar faireachán ar an gcaoi a bhfuil na Moltaí ábhartha ón

gComhairle á gcomhlíonadh. Mar chuid dá bpleananna meántéarmacha, tugann na Ballstáit gealltanais i leith na n-uasrátaí fáis glanachaiteachais arna sloinneadh i dtéarmaí bliantúla agus carnacha agus, i gcás ina n-iarrtar síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, gealltanais i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí⁸. A luaithe a bheidh siad formhuinithe ag an gComhairle, beidh na huasrátaí fáis nó na huasteorainneacha sin ina dtagarmharcanna don mheasúnú ar chomhlíonadh le linn shaolré na bpleananna. I gcás Ballstát atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, is iad na conairí glanachaiteachais ceartaiteacha arna mbunú ag an gComhairle an tagarmharc le haghaidh comhlíontachta. Tá naoi mBallstát faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach faoi láthair: an Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Ungáir. Maidir le Ballstáit ar ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta ina leith le haghaidh caiteachas cosanta, is féidir leo diallas a dhéanamh agus imeacht go sealadach ó na huasrátaí fáis glanachaiteachais a moladh dóibh, ar choinníoll go mbaineann na himeachtaí sin le méaduithe suas le 1,5 % de OTI ar chaiteachas cosanta le linn na tréimhse 2025 go 2028. Baineann sé sin le 16 Bhallstát: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Ungáir.

Tá measúnú an Choimisiúin ar chomhlíontacht bunaithe ar Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún agus cuirtear i dtábhacht ann rioscaí maidir le comhlíontacht d'fhonn a áirithiú gur féidir treoraíocht bheartais an Aontais a chomhtháthú go hiomchuí sna hullmhúcháin bhuiséadacha náisiúnta. Cuirtear san áireamh i réamhaisnéis an Choimisiúin faisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil ina nDréachtphleananna Buiséadacha le haghaidh 2026 (i gcás Ballstát sa limistéar euro), ina dtuarascálacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach (i gcás tíortha atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach)⁹, agus — ar bhonn níos ginearálta — i mbuiséid náisiúnta na mBallstát uile¹⁰. Tá an measúnú ar chomhlíontacht bunaithe ar chomparáid idir an fás glanachaiteachais arna thuar le Réamhaisnéis an Fhómhair

⁸ Tá gealltanais tugtha ag ocht mBallstát go ndéanfaidh siad athchóirithe agus infheistíochtaí chun tacú le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin: An Bheilg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ostair, an Rómáin agus an Spáinn.

⁹ Tá forléargas ar na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá ar siúl faoi láthair agus atá dúnta ar fáil [anseo](#). Leis na moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) maidir leis an easnamh iomarcach a cheartú, ceanglaítear ar na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach tuairisc a thabhairt gach 6 mhí ar an ngníomhaíocht a rinneadh chun freagairt don mholadh. I gcás tíortha sa limistéar euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, is féidir leis an dréachtphlean buiséadach a bheith ina thuarascáil ar ghníomhaíocht éifeachtach.

¹⁰ I gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, ní mór réamhaisnéisí maicreacnamaíocha atá ina mbunús leis na buiséid náisiúnta a tháirgeadh nó a fhorghuiniú go neamhspleách. I roinnt Ballstát (an Bheilg, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair agus an tSlóivéin), is institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta a sholáthraíonn na réamhaisnéisí. I mBallstáit eile, is í an institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta a dhéanann an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch a fhorghuiniú (an Chipir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, Málta, an Phortaingéil agus an Spáinn), sin nó coiste saineolaithe neamhspleách (an Ghearmáin agus an tSlóvaic). Sa Fhrainc, is í an institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta a dhéanann an measúnú ar na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha. San Fhionlainn, táirgeann roinn den Aireacht Airgeadais an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla an Aontais maidir le neamhspleáchas feidhmiúil, ach ní thagann aon fhorghuiniú oifigiúil ó institiúid fhioscach neamhspleách. Déanann roinnt institiúidí fioscacha neamhspleacha nach bhfuil sa limistéar euro na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a úsáidtear i mbuiséid bhliantúla a mheasúnú nó a fhorghuiniú freisin.

2025 ón gCoimisiún agus an fás glanchaiteachais uasta a mhol an Chomhairle, agus cuirtear san áireamh ann an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta maidir le cosaint le haghaidh na 16 Bhallstát thuasluaite¹¹. I mBosca 1, tugtar forléargas cuimsitheach ar an gcaoi a ndearna an Coimisiún a mheasúnú ar chomhlíontacht, agus tugann sé sin bunús leis na torthaí a chuirtear i láthair sa Teachtaireacht seo.

Bosca 1. Measúnú an Choimisiúin ar an gcaoi a gcomhlíonann na Ballstáit na Moltaí ón gComhairle

I mbabhta an fhómhair 2025 den fhaireachas fioscach, is é atá i gcroílár mheasúnú an Choimisiúin ar na forbairtí agus na hionchais fhioscacha sna Ballstáit comparáid idir réamh-mheastacháin an Choimisiúin maidir leis an bhfás glanchaiteachais agus na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle. Leagtar síos na huasrátaí fáis glanchaiteachais sna Moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear pleananna meántéarmacha na mBallstát nó sna Moltaí ón gComhairle atá dírithe ar dheireadh a chur le cásanna easnamh iomarcaigh. I gcás Ballstát sa limistéar euro, soláthraíonn an Coimisiún an measúnú sin sa tuairim uaidh maidir leis na Dréachtpleananna Buiséadacha.

I gcás na mBallstát uile, déantar diallais ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais atá molta a thaifeadadh i dtéarmaí bliantúla agus carnacha ó bhonnbhliain an mholta ábhartha ar aghaidh, rud a chomhfhreagraíonn de ghnáth don bhliain roimh fhormhuiniú plean mheántearmaigh¹².

Meastar go bhfuil Ballstát comhlíontach nuair atá an fás glanchaiteachais laistigh de na huasteorainneacha a mholann an Chomhairle.

I gcás ina bhfuil an fás caiteachais níos airde ná mar a mholtar (i.e. diallais dheimhneacha), breithníonn an Coimisiún méid an diallais i gcoibhneas leis na tairseacha 0,3 % de OTI i dtéarmaí bliantúla agus 0,6 % de OTI i dtéarmaí carnacha¹³. Tá riosca neamhchomhlíontachta ag baint le diallas a fhanann faoi bhun na dtairseach sin, agus tá riosca neamhchomhlíontachta ábhartha ag baint le diallas os cionn na dtairseach sin.

Thairis sin, i gcás Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, bheadh toimhde láidir gníomhaíochta neamhéifeachtaí ag baint le diallais dheimhneacha os cionn ceachtar de na tairseacha sin, agus d'fhéadfaí dlús a chur leis an nós imeachta mar thoradh

¹¹ An caiteachas cosanta atá ábhartha maidir leis an measúnú ar chomhlíontacht, is é atá i gceist leis, an caiteachas cosanta arna mhaoiniú go náisiúnta mar a shainmhínítear in Aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG) faoi chuimsiú Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta (CCE 2010).

¹² Chun teacht ar na táblaí tírshonracha mionsonraithe atá ina mbunús leis an measúnú, féach na Táblaí Staidrimh Fioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha maidir leis an measúnú ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát, SWD(2025) 951 final, an Bhruiséil, 25.11.2025

¹³ Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, arna leasú.

orthu¹⁴. Ag an bpointe seo, níl aon sonraí olltoraidh ann le haghaidh 2025 agus ní bhreithneofaí dlús a chur leis an nós imeachta ach amháin dá léireofaí cás neamhchomhlíontachta an-tromchúiseach leis an gcomparáid idir an fás glanchaiteachais a réamh-mheastar sa réamhaisnéis ón gCoimisiún agus an chonair cheartaitheach ghlancaiteachais atá molta (agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta faoin gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh de réir mar is iomchuí). Thairis sin, coinnítear an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad. I gcás Ballstáit nach bhfuil faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ach a chláraíonn cóimheas fiachais os cionn 60 % de OTI, spreagfadh diallais dheimhneacha de bhreis ar cheachtar de na tairseacha sin ullmhú Tuarascála faoi Airteagal 126(3) CFAE nuair a dheimhneofaí le sonraí olltoraidh iad. Sa chás sin, dhéanfaí measúnú sa tuarascáil ar chomhlíonadh an chritéir fiachais agus d'fhéadfadh nós imeachta fiachasbhunaithe um easnamh iomarcach teacht as sin.

I gcás na 16 Bhallstát ar ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta ina leith, áirítear sa mheasúnú ar chomhlíonadh seiceáil maidir le cé acu a mhínítear nó nach mínítear diallas aníos ón uasfhás glanchaiteachais molta i dtéarmaí carnacha le méadú comhfhreagrach i gcomparáid le bliain tagartha, ar méadú é suas le 1,5 % de OTI ar chaiteachas cosanta le linn na tréimhse 2025 go 2028. Más féidir diallas a mhíniú go hiomlán le méadú réamh-mheasta ar chaiteachas cosanta i gcomparáid leis an mbliain tagartha, meastar go bhfuil an moladh don Bhallstát á chomhlíonadh aige.

Sa mheasúnú uaidh ar chomhlíontacht atá bunaithe ar an bhfás glanchaiteachais, cuireann an Coimisiún staid bhuiséadach fhoriomlán Ballstáit san áireamh freisin, is é sin, cé acu gar do chomhardú nó i mbarrachas atá sé.

(ii) Ballstáit a bhfuil Dréachtphlean Buiséadach tíolactha acu

I gcás Ballstát sa limistéar euro, leagtar amach sna dréachtphleananna buiséadacha na bearta caiteachais agus ioncaim atá beartaithe acu a chur chun feidhme in 2026. Tá a gcuid dréachtphleananna buiséadacha tíolactha ag formhór de na Ballstáit sa limistéar euro le haghaidh 2026 i gcomhréir leis an spriocdháta dlíthiúil i lár mhí Dheireadh Fómhair. Níor thíolaic an Bheilg ná an Spáinn dréachtphlean buiséadach go fóill, ós rud é nár cuireadh síos aon bhuiséad le haghaidh 2026 ina bParlaimintí¹⁵. Thíolaic an Ostair dréachtphlean buiséadach lena gcumhdaítear 2025 agus 2026 araon an 13 Bealtaine 2025 agus d'eisigh an Coimisiún tuairim an 23 Meitheamh 2025¹⁶. D'fhéadfadh na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach an Dréachtphlean Buiséadach a úsáid freisin chun tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíocht éifeachtach atá á déanamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach.

¹⁴ Dlús a chur leis an nós imeachta, ciallaíonn sé sin go molann an Coimisiún don Chomhairle cinneadh a ghlacadh lena mbunófar nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach á déanamh faoi Airteagal 126(8).

¹⁵ Tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún fós ar na forbairtí fiosacha sa Bheilg agus sa Spáinn, agus chuir sé na bearta beartais ábhartha uile san áireamh agus réamhaisnéisí an fhómhair á n-ullmhú aige. Níor thíolaic an Spáinn dréachtphlean buiséadach le haghaidh 2025 ach oiread.

¹⁶ Ba é conclúid na tuairime ón gCoimisiún go bhfuil Dréachtphlean Buiséadach na hOstaire le haghaidh 2025 agus 2026 i gcomhréir le forálacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na hOstaire, 23.6.2025, COM(2025) 4106 final.

A) Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach

Réamh-mheastar go gcomhlíonfaidh trí Bhallstát sa limistéar euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach an fás uasta glanchaiteachais a mholtar.

- I gcás **na hIodáile**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2025 agus 2026 os cionn na n-uasteorainneacha a mhol an Chomhairle. Mar thoradh air sin, coinnítear an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad.
- I gcás **na Slóvaice**, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas in 2025 laistigh de na huasteorainneacha a mhol an Chomhairle, agus réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, meastar go mbeidh an diallas réamh-mheasta laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta. Mar thoradh air sin, coinnítear an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad.
- I gcás **na Fraince**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2025 beagán os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle ach nach sáróidh an diallas 0,3 % de OTI, agus os a cionn sin, bheadh toimhde láidir ann nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach á déanamh. Os a choinne sin, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 laistigh den uasteorainn a mhol an Chomhairle. Mar thoradh air sin, coinnítear an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil éiginnteacht nach beag ag baint leis an measúnú sin i bhfianaise an phlé pharlaimintigh leanúnaigh.

Réamh-mheastar go bhfuil Ballstáit amháin sa limistéar euro atá i **mbaol neamhchomhlíonadh ábhartha** an fháis uasta glanchaiteachais a mholtar.

- I gcás **Mhálta**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2025 agus 2026 os cionn na n-uasteorainneacha a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, i bhfianaise diallas mór in 2024, tá an diallas carnach in 2025 agus 2026 araon i bhfad os cionn 0,6 % de OTI sa 2 bhliain, rud a fhágann go bhfuil toimhde láidir an nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach á déanamh. Cé go bhfuil an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad ag an gcéim seo in éagmais sonraí olltoraidh le haghaidh 2025, tá Málta i mbaol neamhchomhlíonadh ábhartha agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé in ann gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh gá a chruthú le dlús a chur leis an nós imeachta um easnamh iomarcach. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil sé indéanta an t-easnamh iomarcach a cheartú in 2026 i bhfianaise na n-amhantar mór ioncaim a tharla in 2024.

B) Ballstáit nach bhfuil faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach

Réamh-mheastar maidir le sé Bhallstát sa limistéar euro go gcomhlíonfaidh siad an fás uasta glanchaiteachais atá molta.

- I gcás **na Fionlainne**¹⁷ agus **Lucsamburg**, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas in 2026 laistigh de na huasteorainneacha a mhol an Chomhairle.
- I gcás **na hEastóine, na Gearmáine, na Gréige** agus **na Laitvia**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, meastar go mbeidh na diallais a réamh-mheastar le haghaidh na mBallstát sin laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta.

Tá trí Bhallstát sa limistéar euro nach bhfuil faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach agus a mheastar **a chomhlíonann** oibleagáidí beartais bhuiséadaigh an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a bhuí le riocht buiséadach atá gar don chomhardú nó atá i mbarrachas, cé go réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais os cionn an fháis uasta glanchaiteachais atá molta.

- Réamh-mheastar go mbeidh riochtaí buiséadacha **na Cipire, na hÉireann** agus **na Portaingéile** (Éire agus an Chipir) i mbarrachas nó go mbeidh siad gar don chomhardú (an Phortaingéil), rud a chuirfidh le laghdú ar an gcóimheas fiachais rialtais-OTI. An tráth céanna, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil baol ann go sáróidh **Éire** an fás uasta glanchaiteachais atá molta agus go bhfuil baol ann go sáróidh **an Chipir agus an Phortaingéil** go hábhartha an fás uasta glanchaiteachais atá molta.

Réamh-mheastar go bhfuil trí Bhallstáit sa limistéar euro atá **i mbaol neamhchomhlíonadh** an fháis uasta glanchaiteachais atá molta.

- I gcás **na Cróite, na Liotuáine** agus **na Slóivéine**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle. Tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, áfach, is é 0,6 % de OTI an diallas carnach a réamh-mheastar in 2026.

Réamh-mheastar go bhfuil Ballstáit amháin sa limistéar euro, nach bhfuil faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, atá **i mbaol neamhchomhlíonadh ábhartha** an fháis uasta glanchaiteachais atá molta.

- I gcás **na hÍsiltíre**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 i bhfad os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle ós rud é go bhfuil na diallais bhliantúla agus charnacha araon os cionn 0,3 % agus 0,6 % de OTI, faoi seach.

(iii) Ballstáit atá faoi réir Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach nár thíolaic Dréachtphlean Buiséadach

I gcás Ballstát sa limistéar euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach nár thíolaic dréacht-phlean buiséadach san fhómhar agus i gcás Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, rinne an Coimisiún measúnú freisin ar

¹⁷ Mar sin féin, tá an Coimisiún den tuairim nach gcomhlíonann an Fhionlainn critéar easnaimh Airteagal 126 CFAE, agus cé gur ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta don Fhionlainn, ní hé an méadú ar chaiteachas cosanta ann féin a mhíníonn go hiomlán an t-easnamh de bhreis ar an luach tagartha in 2025 (féach thíos).

ghníomhaíocht éifeachtach ar bhonn na réamhaisnéise uaidh. Mar thoradh air sin, tá an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad do na Ballstáit uile lena mbaineann.

- I gcás **na hOstaire**, réamh-mheastar go mbeidh fás an ghlanchaiteachais in 2025 agus 2026 (i dtéarmaí bliantúla agus carnacha araon) os cionn na n-uasteorainneacha a mhol an Chomhairle. Le Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Ostair, comhtháthaítear na bearta beartais a leagtar amach cheana sa dréachtphlean buiséadach a tíolacadh an 13 Bealtaine 2025, chomh maith leis an bhfaisnéis is déanaí. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go gcomhlíonfaidh an Ostair an fás glanchaiteachais uasta atá molta.
- I gcás **na Beilge** agus **na Polainne**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2025 agus 2026 (i dtéarmaí carnacha) os cionn na n-uasteorainneacha arna mbunú leis an gconair cheartaitheach. Mar sin féin, meastar go mbeidh na diallais laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go gcomhlíonfaidh an Bheilg agus an Pholainn an fás glanchaiteachais uasta atá molta.
- I gcás **na hUngáire**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2025 agus 2026 (i dtéarmaí carnacha) os cionn na n-uasteorainneacha arna mbunú leis an gconair cheartaitheach. In 2025, meastar go mbeidh an diallas carnach laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta, agus in 2026, tá sé fós faoi bhun 0,6 % de OTI, agus os a chionn sin bheadh toimhde láidir ann nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach á déanamh. Cé go bhfuil an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad ag an gcéim seo, tá an Ungáir i mbaol neamhchomhlíonta in 2026 agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach n-éireoidh léi gníomhaíocht éifeachtach a chur i gcrích, rud a d'fhéadfadh gá a chruthú le dlús a chur leis an nós imeachta um easnamh iomarcach.
- I gcás **na Rómáine**, réamh-mheastar nach mbeidh an fás glanchaiteachais in 2025 ach beagán os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle (0,1 % de OTI) agus réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 i bhfad laistigh den uasteorainn a mhol an Chomhairle. Is amhlaidh atá cúrsaí a bhuí leis na pacáistí comhdhlúthaithe fhioscaigh a ghlac an Rómáin le linn an tsamhraidh. Mar thoradh air sin, coinnítear an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad. Dá réir sin, ní mholfaidh an Coimisiún faoi láthair cistí an Aontais a chur ar fionraí faoin nós imeachta um choinníollacht mhaicreacnamaíoch, i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus le Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. San am céanna, sa ghearrthéarma, beidh sé rithabhachtach don Rómáin na bearta comhdhlúthaithe fhioscaigh a glacadh le míonna beaga anuas a chur chun feidhme go dian agus an infheistíocht phoiblí a chúchóiriú. Ina theannta sin, mar a cuireadh i dtábhacht sa mholadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 8 Iúil 2025, ba cheart don Rómáin a riarachán cánach agus a próiseas buiséadach a neartú chun róchaiteachas i gcoibhneas le pleananna a sheachaint. Cuideoidh cur chun feidhme na ngealltanais beartais sin le gníomhaíocht éifeachtach leanúnach a áirithiú. Sa mheántéarma, beidh

gá le bearta breise maidir le comhdhlúthú fioscach chun an t-easnamh iomarcach a cheartú faoi 2030.

(iv) Ballstáit eile

Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhlíonadh an uasfháis glanchaiteachais a moladh do na Ballstáit eile ar bhonn na réamhaisnéise uaidh.

- I gcás **na Seicia** agus **na Danmhairge**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, meastar go mbeidh na diallais a réamh-mheastar le haghaidh na mBallstát sin laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go gcomhlíonfaidh an tSeicia agus an Danmhairg an fás glanchaiteachais uasta atá molta.
- I gcás **na Sualainne**, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle agus go sáróidh sé 0,3 % de OTI. Mar sin féin, i bhfianaise na dtorthaí le haghaidh 2024 agus 2025, tá an glanchaiteachas in 2026 i dtéarmaí carnacha laistigh den uasteorainn a mhol an Chomhairle. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go gcomhlíonfaidh an tSualainn an fás glanchaiteachais uasta atá molta.
- I gcás **na Spáinne**, réamh-mheastar go mbeidh an fás ghlananchaiteachais in 2026 os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle, ach tá an diallas faoi bhun 0,3 % de OTI (bliantúil) agus 0,6 % de OTI (carnach). Dá bhrí sin, réamh-mheastar go bhfuil an Spáinn i mbaol neamhchomhlíonadh an fháis glanchaiteachais uasta in 2026.
- I gcás **na Bulgáire**¹⁸, réamh-mheastar go mbeidh an fás glanchaiteachais in 2026 os cionn na huasteorann a mhol an Chomhairle, agus an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta á cur san áireamh. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go bhfuil an Bhulgáir i mbaol neamhchomhlíonadh an fháis glanchaiteachais uasta in 2026.

(v) Tuarascáil faoi Airteagal 126(3)

Mar chuid de Phacáiste an Fhómhair 2025, tá Tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE glactha ag an gCoimisiún lena gcumhdaítear an Ghearmáin agus an Fhionlainn¹⁹. I gcás na Fionlainne, is é a thionscain an tuarascáil easnamh 2024, a sháraíonn an luach tagartha 3 % de OTI, agus easnamh beartaithe os cionn 3 % de OTI le haghaidh 2025; i gcás na Gearmáine, is é an t-easnamh beartaithe le haghaidh 2025 atá os cionn 3 % de OTI. Léirítear sa tuarascáil nach bhfuil aon chás ann chun nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt don Ghearmáin

¹⁸ Tar éis aontachas na Bulgáire don limistéar euro an 1 Eanáir 2026, beidh sí faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe céanna agus atá gach Ballstát eile sa limistéar euro, lena n-áirítear dréachtphlean buiséadach a thíolacadh san fhómhar.

¹⁹ Tuarascáil ón gCoimisiún, arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 25.11.2025, COM(2025) 950 final. Déantar anailís sa tuarascáil sin ar na heasnamh rialtais i gcomparáid le ceanglais an Chonartha d'fhonn teacht ar chonclúid maidir le baol easnamh iomarcaigh a bheith ann i mBallstát. Sna tuairimí ón gCoimisiún maidir leis na Dréachtphleananna Buiséadacha, ar an taobh eile, déantar anailís ar an nglanchaiteachas a réamh-mheastar le haghaidh 2026 i gcomparáid leis na moltaí ábhartha ón gComhairle.

ag an gcéim seo toisc gur míniú iomlán ar an mbarrachas san easnamh os cionn 3 % de OTI is ea an méadú ar chaiteachas cosanta, méadú a cheadaítear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. San Fhionlainn, maidir leis an easnamh os cionn 3 % de OTI in 2025, is míniú air sin é an méadú ar chaiteachas cosanta agus an tsolúbthacht a dheonaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta, ach míniú páirteach amháin atá ann. Dá bhrí sin, breithneoidh an Coimisiún moladh a dhéanamh go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach don Fhionlainn.

(vi) Conclúidí agus na chéad bhearta eile

Iarrtar ar na Ballstáit an tuairim ón gCoimisiún maidir lena ndréachtphlean buiséadach a chur san áireamh i bpróiseas ghlacadh a ndlí bhuiséadaigh. Iarrtar ar na 19 mBallstát a mheastar a bheith comhlíontach leanúint de bheartais fhioscacha a chur chun feidhme in 2026 mar atá beartaithe. Dá réir sin, iarrtar ar na 8 mBallstát atá i mbaol neamhchomhlíonadh na bearta is gá a dhéanamh laistigh dá bpróiseas buiséadach náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh an beartas fioscach in 2026 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle. I gcás Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach go háirithe, tá tábhacht leis sin chun a sheachaint go bhféadfaí dlús a chur leis an nós imeachta um easnamh iomarcach san earrach. Tá an Coimisiún réidh chun dul i dteagmháil leis na Ballstáit uile agus chun tacú leis na hiarrachtaí chun comhlíonadh an chreata rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe a áirithiú.

Breithneoidh an Coimisiún moladh a dhéanamh go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach don Fhionlainn. I gcás na Fionlainne, i bhfianaise na tuarascála faoi Airteagal 126(3) CFAE agus tar éis an Tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais faoi Airteagal 126(4) CFAE a chur san áireamh, breithneoidh an Coimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) CFAE lena suitear gur ann d'easnamh iomarcach. Má chinneann an Chomhairle go bhfuil easnamh iomarcach ann, glacfaidh an Chomhairle moladh freisin an tráth céanna, i gcomhréir le hAirteagal 126(7) CFAE, ina leagfar amach conair cheartaitheach ghlanchaiteachais.

Cuirfidh an Coimisiún measúnú nuashonraithe ar fáil in earrach 2026. Beidh an measúnú nuashonraithe ar chomhlíontacht bunaithe ar shonraí olltoraidh le haghaidh 2025, ar Réamhaisnéis Earrach 2026 ón gCoimisiún agus ar na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, ar gá do na Ballstáit iad a thíolacadh faoin 30 Aibreán 2026²⁰. Is éard a bheidh i gceist leis an measúnú fioscach an chéad ríomh a dhéanfaidh an Coimisiún ar an gcuntas rialaithe le haghaidh gach Ballstáit bunaithe ar shonraí olltoraidh. Leis an gcuntas rialaithe sin, coinneofar cuntas ar dhiallais ón gconair fáis ghlanchaiteachais le haghaidh na mBallstát uile agus úsáidfear é chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin²¹. Thairis sin, leis

²⁰ I gcás tíortha atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, maidir le tuarascáil earrach 2026 ar ghníomhaíocht atá á déanamh chun freagairt don mholadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) maidir le ceartú an easnaimh iomarcaigh, is féidir an tuarascáil sin a chomhchuimsiú faoin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

²¹ Féach freisin Bosca 1 chun tuairisc a fháil ar chéimeanna faireachais a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás diallas deimhneach ón bhfás uasta glanchaiteachais atá molta. Tá tuairisc mhionsonraithe ar an gcuntas rialaithe san áireamh sna Táblaí Staidrimh Fioscacha, ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha maidir leis an measúnú ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát, SWD(2025) 951 final, an Bhruiséil, 25.11.2025.

an measúnú san earrach, déanfar faireachán freisin ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá ina mbunús le síneadh a chur leis na tréimhsí coigeartúcháin fhioscaigh go 7 mbliana, ar síneadh é a bhaineann leis an mBeilg, leis an bhFionlainn, leis an bhFrainc, leis an Iodáil, leis an nGearmáin, leis an Ostair, leis an Rómáin agus leis an Spáinn.

**IARSCRÍBHINN I: DIALLTAÍ BLIANTÚLA AGUS CARNTHA AN FHÁIS GLANCHAITHEACHAIS
IN 2025 AGUS 2026 VIS-À-VIS NA MOLTAÍ**

Dialltaí bliantúla agus carntha (% de OTI)

	Diall bliantúil		Diall carntha		Clásal	Bliain	Diall carntha	
	2025	2026	2025	2026	éalaith	tagarth	2025	2026
	(A)	(B)	(C)	(D)	(E)	(F)	(G)	(H)

Ballstáit a bhfuil Dréachtphlean Buiséadach curtha isteach acu

DE	-0.3	0.3	-0.3	0.0	Tá	2021	-0.8	-0.7
EE	-2.7	2.9	-2.0	1.0	Tá	2021	-3.5	-0.5
IE	0.5	-0.1	0.2	0.1	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
EL	0.0	1.2	-1.0	0.2	Tá	2024	-1.2	-0.1
FR	0.1	-0.3	-0.2	-0.4	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
HR	1.3	0.3	0.8	1.1	Tá	2021	0.3	0.5
IT	-0.1	0.0	-0.2	-0.2	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
CY	0.3	0.5	-0.1	0.5	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
LV	0.3	0.7	-1.2	-0.5	Tá	2021	-2.0	-2.0
LT	1.1	0.8	1.1	1.8	Tá	2021	-0.4	0.3
LU	0.5	-0.2	-0.3	-0.4	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
MT	-0.5	-0.4	2.0	1.5	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
NL	1.5	0.5	1.3	1.7	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
PT	0.3	0.0	0.8	0.7	Tá	2021	0.7	0.7
SI	1.0	0.6	0.2	0.8	Tá	2021	0.0	0.2
SK	-0.5	0.3	-1.4	-1.0	Tá	2021	-2.3	-1.5
FI	-0.2	-0.1	-0.4	-0.5	Tá	2021	-2.0	-2.4

Ballstáit atá faoi réir Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach nár chuir Dréachtphlean Buiséadach isteach

BE	0.3	0.2	0.3	0.5	Tá	2021	-0.2	-0.3
HU	1.3	1.3	0.6	1.9	Tá	2021	-0.5	0.5
AT	-0.2	0.0	-0.2	-0.2	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
PL	0.3	-0.1	0.6	0.5	Tá	2021	-0.9	-1.0
RO	0.1	-1.0	0.1	-0.9	Níl	n.b.	n.b.	n.b.

Ballstáit Eile

BG	1.3	-0.5	1.3	0.7	Tá	2024	0.1	0.2
CZ	-0.5	1.0	-2.1	-1.0	Tá	2021	-2.5	-1.5
DK	2.1	0.5	0.4	0.8	Tá	2021	-1.1	-0.7
ES	0.3	0.3	-0.1	0.2	Níl	n.b.	n.b.	n.b.
SE	-1.0	0.9	-1.0	-0.1	Níl	n.b.	n.b.	n.b.

Foinse: Riomhanna de chuid an Choimisiúin atá bunaithe ar Réamhaisnéis Fómhair 2025 ón gCoimisiún

Léirítear le diall dearfach go sáraíonn an glanchaiteachas an ráta a leagtar amach

IARSCRÍBHINN II: PRÍOMHTHÁSCAIRÍ MAICREACNAMAÍOCHA AGUS FIOSCACHA

Comhardú rialtais ghinearálta, fiachas agus fás OTI

Comhardú rialtais			Fiachas rialtais			OTI		
2024	2025	2026	2024	2025	2026	2024	2025	2026

Ballstáit a bhfuil Dréachtphlean Buiséadach curtha isteach acu

DE	-2.7	-3.1	-4.0	62.2	63.5	65.2	-0.5	0.2	1.2
EE	-1.7	-1.3	-4.4	23.5	23.4	25.9	-0.1	0.6	2.1
IE	4.0	1.5	1.0	38.3	33.1	32.5	2.6	10.7	0.2
EL	1.2	1.1	0.3	154.2	147.6	142.1	2.1	2.1	2.2
FR	-5.8	-5.5	-4.9	113.2	116.3	118.1	1.2	0.7	0.9
HR	-1.9	-2.8	-2.9	57.4	56.2	56.1	3.8	3.2	2.9
IT	-3.4	-3.0	-2.8	134.9	136.4	137.9	0.7	0.4	0.8
CY	4.1	3.3	3.0	62.8	56.4	51.0	3.9	3.4	2.6
LV	-1.8	-3.1	-3.5	46.6	48.3	49.9	0.0	1.0	1.7
LT	-1.3	-2.2	-2.5	38.0	39.8	44.7	3.0	2.4	3.0
LU	0.9	-0.8	-0.5	26.3	26.8	27.1	0.4	0.9	1.9
MT	-3.5	-3.2	-2.8	46.2	47.0	47.2	6.8	4.0	3.8
NL	-0.9	-1.9	-2.7	43.7	45.2	47.9	1.1	1.7	1.3
PT	0.5	0.0	-0.3	93.6	91.3	89.2	2.1	1.9	2.2
SI	-0.9	-2.2	-2.3	66.6	65.2	63.7	1.7	1.0	2.4
SK	-5.5	-5.0	-4.6	59.7	61.9	64.0	1.9	0.8	1.0
FI	-4.4	-4.5	-4.0	82.5	88.1	90.9	0.4	0.1	0.9

Ballstáit atá faoi réir Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach nár chuir Dréachtphlean Buiséadach isteach

BE	-4.4	-5.3	-5.5	103.9	107.1	109.9	1.1	1.0	1.1
HU	-5.0	-4.6	-5.1	73.5	73.7	73.9	0.6	0.4	2.3
AT	-4.7	-4.4	-4.1	79.9	81.4	82.8	-0.7	0.3	0.9
PL	-6.5	-6.8	-6.3	55.1	59.5	64.9	3.0	3.2	3.5
RO	-9.3	-8.4	-6.2	54.8	59.1	61.1	0.9	0.7	1.1

Ballstáit Eile

BG	-3.0	-3.0	-2.7	23.8	28.5	30.6	3.4	3.0	2.7
CZ	-2.0	-1.8	-2.0	43.3	43.4	44.1	1.2	2.4	1.9
DK	4.5	2.3	1.1	30.5	28.9	27.7	3.5	2.0	2.1
ES	-3.2	-2.5	-2.1	101.6	100.0	98.2	3.5	2.9	2.3
SE	-1.6	-1.7	-2.4	34.0	34.5	35.3	0.8	1.5	2.6


Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

IARSCRÍBHINN III: DÁLAÍ FIOSCACHA AGUS STAID FHIOSCACH FHORIOMLÁN AN LIMISTÉIR EURO

(i) Easnamh rialtais agus na cúiseanna leis in 2025-2026

Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta in 2025 agus 2026 sa limistéar euro ina iomláine, agus go mbeidh ilchineálacht thábhachtach ann ar fud na dtíortha. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh i 12 tír, i gcomparáid le 2025. Meastar go mbeidh easnamh os cionn 3 % de OTI ag ocht mBallstát sa limistéar euro agus meastar go mbeidh easnamh ag 4 % nó níos mó ag seacht gcinn díobh.

Graf 3. Comhardú rialtais ghinearálta Bhallstáit an limistéir euro in 2026



Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún


Tabhair faoi deara: Tá aontachas na Bulgáire leis an limistéar euro beartaithe don 1 Eanáir 2026. Ní áirítear an Bhulgáir i gcomhiomlán EA20.

Tá nós imeachta um easnamh iomarcach oscailte ag na Ballstáit a bhfuil réiltín* ag gabháil leo.

Tá forbairtí caiteachais ina bpríomhspreagadh d'easnamh an limistéir euro. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 0,5 pointe céatadán agus 0,3 pointe céatadán ar an gcóimheas idir caiteachas agus OTI an limistéir euro in 2025 agus in 2026 faoi seach. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú seasta ar an gcaiteachas cosanta (ó 1,4 % de OTI in 2024 go 1,7 % in 2026), agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas úis mar sciar de OTI chomh maith. Forleathnaíodh an infheistíocht i bhformhór na mBallstát in 2026, le tacaíocht trí chistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas. Baineann beagnach leath den mhéadú ar an infheistíocht phoiblí idir 2019 agus 2026 le hinfeistíocht arna maoiniú ag an Aontas, go háirithe leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Réamh-mheastar go gcaithfidh formhór thíortha an limistéir euro níos mó ar infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta ná mar a chaith siad roimh an bpaindéim. Seasann an Iodáil agus an Liotuáin amach agus méadú os cionn 1 % de OTI sa dá tír sin. Ó thaobh feidhme de, meastar freisin go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas cosanta i bhformhór thíortha an Aontais in 2026. Tá coinne le méaduithe suntasacha san Eastóin (os cionn 1 phointe céatadán) agus sa Laitvia (thart ar 1 phointe céatadán). Ba cheart

a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an t-uainiú maidir le seachadadh trealamh mhíleata roinnt luaineachta a chruthú sna huimhreacha ó bhliain go bliain.

Graf 4. Comhpháirteanna d'infheistíocht phoiblí Bhallstáit an limistéir euro (2026)




Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

(ii) Fiachas rialtais in 2025-2026

Réamh-mheastar go mbeidh forbairtí i gcóimheasa fiachais rialtais ghinearálta éagsúil ar fud thíortha an limistéir euro in 2025 agus 2026, ag brath ar iarrachtaí comhdhlúthaithe agus ar fhorbairtí maicreacnamaíocha. Tar éis laghdú suntasach i bhformhór Bhallstáit an limistéir euro idir 2000 agus 2024, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais i 14 Bhallstát sa limistéir euro thar 2025-2026. Faoi 2026, meastar go mbeidh cóimheas fiachais os cionn 100 % de OTI fós ag ceithre Bhallstát (an Bheilg, an Ghréig, an Fhrainc agus an Iodáil). San am céanna, réamh-mheastar go dtiocfaidh tuilleadh laghduithe móra ar an bhfiachas sa Ghréig agus sa Chipir mar thoradh ar a mbarrachais phríomhúla mhóra.

Graf 5. Cúiseanna leis an athrú bliantúil ar an gcóimheas idir fiachas agus OTI sa limistéir euro (2022-2026) agus i mBallstáit an limistéir euro (2026)



Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

I bhformhór Bhallstáit an limistéir euro, is é an príomh-chomhardú agus roinnt coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic is cúis leis an athrú ar an gcóimheas fiachais idir 2026 agus 2025. Meastar go mbeidh tábhacht ar leith ag baint le coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic (os cionn 1 phointe céatadáin de OTI) sa Ghréig, sa Phortaingéil, in Éirinn, san Iodáil, sa Liotuáin agus san Ísiltír. Bheadh tionchar laghdaithe fiachais fós ag an éifeacht ‘charnach’, ós rud é go meastar go leanfaidh an difreálach idir an ráta úis agus an ráta fáis de bheith fabhrach i ngach Ballstát seachas an Iodáil, cé go bhfuil sé i bhfad níos lú ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, go príomha mar gheall ar bhoilsciú níos ísle agus rátaí úis intuigthe níos airde a íoctar ar fhiacha poiblí.

(iii) An staid fhioscach i dtíortha an limistéir euro: 2025 agus 2026


Tá an staid fhioscach atá réamh-mheasta sa limistéar euro do 2025 neodrach den chuid is mó, agus tá ilchineálacht shuntasach ann ar fud na dtíortha²². Meastar go ndéanfar an crapadh ar ghlancaiteachas reatha a fhritháireamh den chuid is mó le spreagadh forleathnaitheach ó infheistíocht phoiblí agus ó chaiteachas arna chistiú ag an Aontas. Mar sin féin, tá forbairtí fioscacha fós ilchineálach ar fud na mBallstát, ó chrapadh 1,4 % de OTI san Eastóin go forleathnú 1,5 % de OTI sa Laitvia (Graf 6). Is féidir dearadh an chreata nua rialachais eacnamaíoch a lua mar bhunús leis an ilchineálacht sin, go pointe, lena ndéantar idirdhealú idir ceanglais coigeartaithe fhioscaigh bunaithe ar dhúshlán fhioscacha na mBallstát, chomh maith leis an spreagadh fioscach atá éagsúil ó chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais STA agus ag cistí eile de chuid an Aontais.

Go háirithe, tá coinne leis go gcuirfidh cúig Bhallstát sa limistéar euro beartais fhioscacha chrapthacha chun feidhme in 2025, agus go saothróidh naoi mBallstát beartais fhorleathnaitheacha agus go gcoinneoidh sé Bhallstát staid ar bun atá neodrach, tríd is

²² Áirítear sa chomhiomlán glancaiteachais a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an staid fhioscach caiteachas arna mhaoiniú ag deontais STA agus ag cistí eile de chuid an Aontais. Meastar go mbíonn an staid fhioscach neodrach den chuid is mó, agus í ag luach laistigh den raon - 0,25 %/+ 0,25 % de OTI agus meastar go mbíonn sí forleathnaitheach (-) nó crapthach (+) lasmuigh den raon sin.

tríd. I measc na mBallstát a bhfuil fiachais arda acu, réamh-mheastar gurb í an rannchuidiú crapthach ó ghlanchaiteachas reatha an phríomhthois lena múnlaítear an staid fhioscach fhoriomlán san Iodáil, sa Fhrainc, san Ostair, sa tSlóvaic agus san Fhionlainn. Meastar go mbeidh an chomhpháirt sin forleathnaitheach i gcúig cinn de na deich dtír sa limistéar euro a bhaineann tairbhe as solúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta. I bhformhór na mBallstát, an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta — go háirithe caiteachas arna chistiú trí dheontais STA agus ionstraimí eile de chuid an Aontais — meastar go gcuirfear tacaíocht fhioscach ardcháilíochta ar fáil don gheilleagar léi. I dtrí Bhallstát, réamh-mheastar gurb é a bheidh sa rannchuidiú ó infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 0,5 pointe céatadáin de OTI nó os a chionn (an Fhionlainn, an tSlóvaic agus an Eastóin). Réamh-mheastar gurb é a bheidh sa rannchuidiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chaiteachas eile arna chistiú ag an Aontas 0,5 pointe céatadáin de OTI nó os a chionn i seacht dtír (an Eastóin, an Ghréig, an Chróit, an Liotuáin, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Laitvia). Ní mheastar go ndéanfaidh aon Bhallstát sa limistéar euro crapadh a thaifeadadh sa chomhpháirt sin.

Graf 6. Staid fhioscach agus comhpháirteanna de Bhallstáit an limistéir euro, 2025




Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

Meastar go mbeidh staid fhioscach chomhiomlán an limistéir euro neodrach in 2026, arna spreagadh ag buiséid náisiúnta agus buiséid an Aontais araon. Na conairí glanachaiteachais a mholtar, bheadh staid fhioscach neodrach tríd is tríd i gceist leo iontu féin, a mhéid a bhaineann leis an limistéar euro in 2026, agus thacódh an tsolúbthacht a cheadaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta le staid níos forleathnaithí. Tugtar le fios i Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach neodrach den chuid is mó sa limistéar euro in 2026. Meastar go ndéanfar na buiséid fhorleathnaitheacha i

roinnt Ballstát chomh maith le hionsú méadaitheach dheontais STA agus cistí eile de chuid an Aontais (nach n-áirítear sa ghlanhaiteachas) a fhritháireamh le srianta fhioscacha i mBallstáit eile.

Meastar go leanfaidh staideanna fhioscacha de bheith éagsúil ar fud thíortha an limistéir euro in 2026. In 2026, tá coinne leis go gcuirfidh sé Bhallstát sa limistéir euro beartais fhioscacha chrapthacha chun feidhme, agus tá coinne leis go mbeidh beartais fhioscacha forleathnaitheach i ndeich mBallstát eile agus go mbeidh beartais fhioscacha neodrach den chuid is mó i gcúig Bhallstát. Meastar go mbeidh raon i gceist le staideanna fhioscacha 2026 Bhallstáit an limistéir euro, ó chrapadh 1,3 % de OTI sa tSlóvaic go forleathnú 3,0 % de OTI san Eastóin. Réamh-mheastar gurb é an glanhaiteachas reatha an príomhspreagadh don staid fhioscach fhoriomlán i bhformhór Bhallstáit an limistéir euro, agus go mbeidh crapadh suntasach (0,5 % de OTI nó níos mó) san Fhionlainn, san Ostair, i Málta, sa Fhrainc agus sa tSlóvaic. I bhformhór na mBallstát, meastar go soláthrófar tacaíocht fhioscach ardcháilíochta don gheilleagar le hinfheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta agus go háirithe le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais. I gcás na Gréige, na Portaingéile agus na Bulgáire, is é an luasghéarú réamh-mheasta in ionsú STA is cúis leis an staid fhorleathnaitheach den chuid is mó

Graf 7. Staid fhioscach agus comhpháirteanna de Bhallstáit an limistéir euro, 2026



Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

(iv) Oiriúnacht na staide fiosaí agus an mheascáin beartais

Is féidir féachaint ar oiriúnacht na staide fiosaí ó thrí ghné éagsúla.


Tá an staid fhioscach in 2025 agus in 2026 iomchuí ó thaobh na maicreacnamaíochta de. Leis an staid fhioscach atá neodrach, tríd is tríd, in 2025, comhlánaíodh beartas airgeadaíochta BCE de réir mar a leanann an boilsciú de bheith ag titim agus tá éiginnteacht ard fós ann maidir

leis an ionchas fáis. In 2026, an staid fhioscach atá neodrach, tríd is tríd, tá sí comhoiriúnach leis an gcobhsú boilscithe a bhfuil coinne leis ag thart ar 2 %, agus gan dochar a dhéanamh d'ionchas fáis atá measartha fós i dtimpeallacht dhomhanda dhúshlánach agus i gcomhthéacs bearna (bheag) aschuir dhiúltach²³.

Ar an dara dul síos, is cosúil go bhfuil an staid fhioscach iomchuí ó thaobh an chomhdhéanaimh de. Le cion infheistíochta na staide fiosaí in 2025 agus 2026, spreagfar fás féideartha sa mheántearma. Cé go bhfuil sé beartaithe srian a chur leis an nglanchaiteachas reatha, rud a léiríonn an gá atá le comhdhlúthú i roinnt Ballstát, caomhnaítear an infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta. Tacaítear leis an infheistíocht iomlán freisin le méadú ar an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais STA, de réir mar a chuirtear dlús le cur chun feidhme STA agus de réir mar a bhíonn an dáta cur chun feidhme deiridh ag teannadh linn. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil an staid fhioscach comhoiriúnach leis an ngá atá le dlús a chur leis an gcaiteachas cosanta agus le gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta do roinnt Ballstát sa limistéar euro, agus leanúint den chaiteachas neamhchosanta a chomhdhlúthú san am céanna.

Maidir le miondealú geografach, is cosúil go bhfuil staid fhioscach an limistéir euro le haghaidh 2025 agus 2026 comhsheasmhach, tríd is tríd, leis an ngá atá le stuamacht fhioscach i mBallstáit a bhfuil dúshlán acu le fiachais arda. Go deimhin, tá formhór na mBallstát a bhfuil fiachas ard agus easnamh ard acu chun srian a chur leis an nglanchaiteachas a mhaoinítear leis na buiséid náisiúnta. I roinnt Ballstát a bhfuil fiachais arda acu, áfach, an staid fhioscach atá bunaithe ar na buiséid náisiúnta, ní réamh-mheastar go mbeidh sí sin crapthach mar gheall ar sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde²⁴. Tá an staid fhorleathnaitheach i roinnt Ballstát á spreagadh den chuid is mó ag an luasghéarú réamh-mheasta in ionsú STA.

Graf 8. Staid an bheartais airgeadaíochta agus staid an bheartais fhioscaigh sa limistéar euro



²³ Meastar gur 1,2 % a bheidh san fhás OTI féideartha meántearmach le haghaidh 2026 sa limistéar euro.

²⁴ Is é an rud is tábhachtaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach an chuid den staid fhioscach a mhaoinítear go náisiúnta (i.e. gan tionchar an chistithe ón Aontas), ar cheart í a bheith beagán crapthach i mBallstáit a bhfuil dúshlán fhioscacha arda acu

Foinse: Réamhaisnéis an Fómhair 2025 ón gCoimisiún agus BCE

Tabhair faoi deara: Déantar staid an bheartais airgeadaíochta a thomhas mar an t-athrú foriomlán ar ráta saoráide taisce BCE sa bhliain.

IARSCRÍBHINN IV: NÓSANNA IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH

Ó foilsíodh pacáiste an Earraigh, ghlac an Chomhairle moltaí athbhreithnithe faoi Airteagal 126(7) CFAE don Rómáin agus don Bheilg araon agus chinn sí an nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt don Ostair, rud a d'fhág gur glacadh moladh maidir leis an Ostair faoi Airteagal 126(7) CFAE. Leagadh síos an 15 Deireadh Fómhair 2025 mar spriocdháta do gach ceann de na trí Bhallstát chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh.

Tugtar measúnú sna míreanna thíos ar chomhlíonadh an mholta maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach (agus an tsolúbthacht a cheadaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta á cur san áireamh, de réir mar is iomchuí). I gcás na dtíortha sin atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach agus a thíolaic dréachtphlean buiséadach san Fhómhar, cuirtear measúnú níos mionsonraithe ar fáil sna tuairimí maidir leis na dréachtphleananna buiséadacha, agus béim á leagan ar 2026.

An Ostair: Mar aon leis an gcinneadh ón gComhairle lena suitear gur ann d'easnamh iomarcach san Ostair mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh an 8 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle moladh freisin lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2028. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,2 % ar fhás glanchaiteachais na hOstaire in 2025, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 2,6 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais in 2025 fós laistigh den uasráta fáis 2,6 % a mhol an Chomhairle. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,1 % ar an bhfás glanchaiteachais, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 2,2 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais in 2026 fós laistigh den uasráta fáis 4,8 % a mhol an Chomhairle. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Ostair an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle.

An Bheilg: Tar éis plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Beilge a chur isteach, a mheasúnú agus a fhormhuiniú, ghlac an Chomhairle moladh athbhreithnithe an 20 Meitheamh 2025, moladh atá ailínithe leis an gconair ghlancaiteachais a leagtar amach i bplean meántéarmach na Beilge, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2029. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 4,2 % ar fhás glanchaiteachais na Beilge in 2025, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 3,6 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 0,3 % de OTI agus do dhiall carnach 0,3 % de OTI in 2025. Mar sin féin, tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, tá an diall carnach réamh-mheasta in 2025 laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,9 % ar an bhfás glanchaiteachais in 2026, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 2,5 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 0,3 % de OTI agus do dhiall carnach 0,5 % de OTI in 2026. Mar sin féin, tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, tá an diall carnach réamh-mheasta in 2026 laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Bheilg an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle.

An Fhrainc: An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Fhrainc faoi 2029. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,0 % ar fhás glanchaiteachais na Fraince in 2025, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 0,8 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 0,1 % de OTI in 2025. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais fós laistigh den uasráta fáis 4,6 % a mhol an Chomhairle. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 0,7 % ar an nglanchaiteachas, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 1,2 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais fós laistigh den uasráta fáis 5,8 % a mhol an Chomhairle chomh maith. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Fhrainc an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle le haghaidh 2026, ach tá riosca neamhchomhlíonta ann in 2025.

An Ungáir: An 18 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Ungáir faoi 2026. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 7,6 % ar fhás glanchaiteachais na hUngáire in 2025, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 4,3 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 1,3 % de OTI agus do dhiall carnach 0,6 % de OTI in 2025. Mar sin féin, tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, tá an diall carnach réamh-mheasta in 2025 laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 7,4 % ar an bhfás glanchaiteachais in 2026, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 4,0 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 1,3 % de OTI agus do dhiall carnach 1,9 % de OTI in 2026. Fiú tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, is é 0,5 % de OTI an diall carnach réamh-mheasta in 2026 go fóill. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Ungáir an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle le haghaidh 2025, ach tá riosca neamhchomhlíonta ann in 2026.

An Iodáil: An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Iodáil faoi 2026. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,2 % ar fhás glanchaiteachais na hIodáile in 2025, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 1,3 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais fós laistigh den uasráta fáis -0,7 % a mhol an Chomhairle chomh maith. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,5 % ar an bhfás glanchaiteachais, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 1,6 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais fós laistigh den uasráta fáis 0,9 % a mhol an Chomhairle chomh maith. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Iodáil an t-uasráta fáis glanchaiteachas a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle.

Málta: An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh i Málta faoi 2027. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 4,4 % ar fhás glanchaiteachais Mhálta in 2025, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 6,0 % a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ar bhonn carnach, meastar go sáróidh an fás glanchaiteachais an t-uasráta fáis 13,8 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall carnach 2,0 % de OTI in 2025. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú

4,6 % ar an bhfás glanchaiteachais, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 5,8 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, meastar go sáróidh an fás glanchaiteachais an t-uasráta fáis 20,4 % a mhol an Chomhairle le diall carnach 1,5 % de OTI in 2026. Mar thoradh air sin, tá baol ann nach gcomhlíonfaidh Málta an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle in 2025 agus 2026.

An Pholainn: An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Pholainn faoi 2028. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 7,1 % ar fhás glanchaiteachais na Polainne in 2025, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 6,3 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 0,3 % de OTI agus do dhiall carnach 0,6 % de OTI in 2025. Mar sin féin, tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, tá an diall carnach réamh-mheasta in 2025 laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 4,2 % ar an bhfás glanchaiteachais, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 4,4 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, is é 0,5 % de OTI an diall réamh-mheasta in 2026. Mar sin féin, tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, tá an diall carnach réamh-mheasta in 2026 laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Pholainn an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle.

An Rómáin: Ghlac an Chomhairle cinneadh an 20 Meitheamh 2025, i gcomhréir le hAirteagal 126(8) CFAE, lena suitear nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025. An 8 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle moladh athbhreithnithe lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta athbhreithnithe d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin faoi 2030. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 3,0 % ar fhás glanchaiteachais na Rómáine in 2025, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 2,8 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 0,1 % de OTI agus do dhiall carnach 0,1 % de OTI in 2025. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú - 0,3 % ar an bhfás glanchaiteachais, ar laghdú é atá laistigh den uasráta fáis 2,6 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais fós laistigh den uasráta fáis 5,5 % a mhol an Chomhairle chomh maith. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Rómáin an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle le haghaidh 2026, ach tá riosca neamhchomhlíonta ann in 2025.

An tSlóvaic: An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar amach conair fáis glanchaiteachais uasta d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa tSlóvaic faoi 2027. I bhfianaise Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,5 % ar fhás glanchaiteachais na Slóvaice in 2025, ar méadú é atá laistigh den uasráta fáis 3,8 % a mhol an Chomhairle. Ar bhonn carnach, tá an fás glanchaiteachais fós laistigh den uasráta fáis 10,3 % a mhol an Chomhairle chomh maith. I gcás 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,7 % ar fhás glanchaiteachais na Slóvaice, ar méadú é atá os cionn an uasráta fáis 0,9 % a mhol an Chomhairle. Comhfhreagraíonn sé sin do dhiall bliantúil 0,3 % de OTI agus do dhiall carnach -1,0 % de OTI in 2026. Mar sin féin, tar éis an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a chur san áireamh, tá an diall carnach réamh-

mheasta in 2026 laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. Mar thoradh air sin, comhlíonann an tSlóvaic an t-uasráta fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle.

IARSCRÍBHINN V: ANAILÍS AR INBHUANAITHEACHT AN FHIACHAIS

Cuirtear anailís íogaireachta i láthair san Iarscríbhinn seo ar fhorbairtí fiachais phoiblí i gcás turraingí eacnamaíocha féideartha, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013. Baintear úsáid as réamh-mheastacháin fiachais stocastacha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an dinimic fiachais phoiblí a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí d'fhás OTI ainmniúil, forbairtí sa mhargadh airgeadais agus turraingí fíoscacha a dhéanann difear do staid bhuiséadach an rialtais²⁵.

Leis na réamh-mheastacháin stocastacha, coinnítear cuntas ar éiginnteacht mhaicreacnamaíoch i ndáil le cas réamh-mheasta fiachais 'lárnach' amháin in 2026-2030. Sa chás sin, cuirtear an gnáth-thoimhde 'gan athrú beartais neamhfhioscaigh' i bhfeidhm ó bhliain dheireanach na tréimhse réamhaisnéise²⁶. Mar sin, ní áirítear sa chás sin tar éis 2026 na gealltanais maidir le comhdhlúthú fíoscach sna pleananna struchtúracha fíoscacha meántéarmacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit.

Cuirtear turraingí i bhfeidhm maidir leis na coinníollacha maicreacnamaíocha a thoirhdítear sa chás lárnach chun dáileadh na gconairí fiachais féideartha a fháil (an 'cón' sna cairteacha a thaispeántar i nGraf 9). Comhfhreagraíonn an cón do raon leathan coinníollacha maicreacnamaíocha féideartha, agus suas le 10 000 turraing ar an bhfás, ar rátaí úis gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus ar an bpríomh-chomhardú ionsamhlaithe ann. Le méid agus comhghaol na dturraingí sin léirítear luaineacht stairiúil agus caidrimh idir na hathróa sin. Dá bhrí sin, soláthraíonn na cairteacha faisnéis dhóchúlaithe maidir le dinimic fiachais an limistéir euro, agus turraingí féideartha ar an bhfás, ar rátaí úis agus ar an bpríomh-chomhardú, ar turraingí iad atá de mhéid a thagann leis na forbairtí roimhe seo, á gcur san áireamh.

Is mar líne dhearg a thuairiscíonn an chairt an chonair fiachais réamh-mheasta faoin gcás lárnach. Taispeántar toradh airmheánach na n-ionsamhlúchán mar líne dhubh bhriste. Cumhdaítear leis an gcón 80 % de na conairí fiachais féideartha uile, agus ní thaispeántar na conairí a dhíorthaítear ón 20 % de thurraingí is lú dóchúlacht. Is é atá sna limistéir a bhfuil scáth difriúil orthu laistigh den chón na codanna éagsúla de dháileadh foriomlán na gconairí fiachais féideartha.


Meastar gurb é a bheidh san fhiachas airmheánach le haghaidh 2030 92,7 % de OTI, i.e. tá dóchúlacht chomhionann ann go mbeidh an fiachas níos airde nó níos ísle ná an leibhéal sin.

²⁵ Tá an mhodheolaíocht maidir le réamh-mheastacháin fiachais phoiblí stocastacha a úsáidtear anseo curtha i láthair in Bec *et al.* (2025), *The stochastic simulations of the Commission's debt sustainability analysis: a refined approach*, Sraith Plépháipéar ECFIN.

²⁶ I Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, ionchorpraítear bearta beartais fhioscaigh a glacadh nó ar tugadh fógra inchreidte fúthu ar a laghad agus faisnéis a bhí ar fáil ón 31 Deireadh Fómhair 2025. Tar éis 2026, ní dhéanfar an príomh-chomhardú struchtúrach a mhodhnú ach amháin leis na costais (glanchostais) réamh-mheasta a bhaineann le haosú.

Thairis sin, léiríonn an bhonnlíne méadú beag ar an gcóimheas fiachais sna 5 bliana amach romhainn agus tugtar le fios sna réamh-mheastacháin stocastacha le dóchúlacht 75 % go bhféadfadh fiachas a bheith níos airde i ndáiríre in 2030 ná mar a bhí sé in 2025.

Graf 9. Cairteacha ó réamh-mheastacháin fiachais stocastacha i ndáil le cás bonnlíne an Choimisiúin; an limistéar Euro



Foinse: Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún

Tabhair faoi deara: Is é an t-airmheán atá sa líne bhriste agus is í an bhunlíne atá sa líne dhearg.